

Injuries Board.ie

An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta
Tuarascáil Bhliantúil & Cuntais 2011

# Conas Teagmháil a Dhéanamh

Ionad Seirbhísí ar Oscailt:
Luan go hAoine, 8am go 8pm

Ló-Ghlaoch 1890 829 121
Ó Thuaisceart Éireann agus as an Ríocht Aontaithe 0870 876 8121

Bosca O.P. 8,
Cloich na Coillte,
Co. Chorcaí
www.injuriesboard.ie

I mí Iúil 2008, mar chuid de thionscadal aitheantais branda nua, athraíodh ainm oibre ón mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta nó PIAB go dtí InjuriesBoard.ie. Mar thoradh air sin, ar fud na tuarascála seo déantar tagairt don eagraíocht mar InjuriesBoard.ie

InjuriesBoard.ie
Tuarascáil Bhliantúil an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2011
Iúil 2012
PRN A12/0792
An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

# Clár


| | | |
|---|---|---|
| | Réamhfhocal an Chathaoirligh | 2 |
| | Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh | 4 |
| | Forléargas | 6 |
| Cuid 1: | Measúnú cóir, cruinn a dhéanamh go tráthúil ar theidlíochtaí cúitimh | 8 |
| Cuid 2: | Na costais riaracháin a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar éilimh dhíobhálacha pearsanta a laghdú | 14 |
| Cuid 3: | Seirbhís shármhaith don chustaiméir a chinntiú ó eagraíocht éifeachtach agus éifeachtúil | 18 |
| Cuid 4: | Feasacht faoi InjuriesBoard.ie a mhéadú agus cur go dearfach leis an timpeallacht réiteach éileamh | 26 |
| Cuid 5: | Ráitis Airgeadais | 32 |
| Aguisíní: | Aguisín 1 - Próiseas InjuriesBoard.ie | 52 |
| | Aguisín 2 - Cairt Eagraíochta & Comhaltaí an Bhoird agus Struchtúr an Bhoird | 55 |
| | Aguisín 3 - Anailís Gheografach na nÉileamh | 57 |

# Réamhfhocal an Chathaoirligh

In 2011 d'éirigh leis an mBord Díobhálacha dhá éacht mhór a bhaint amach:-sheachaid measúnóirí reachtúla an 50,000ú dámhachtain agus rinneadh os cionn €1 billiún de chúiteamh a mheas.  Is léargas é sin ar an méid ollmhór atá bainte amach ag an mBord Dámhachtana a bunaíodh in 2004 chun samhail ar chostas íseal a sholáthar maidir le damáistí a mheas ar éilimh dhíobhálacha pearsanta neamhchonspóideacha. Faoin seanchóras, bunaithe ar thorthaí MIAB in 2004, bheadh forchostas dlíthíochta breise i gceist leis an €1 billiún sin de bheagnach €500 milliún agus chuirfí ar aghaidh an costas sin i leibhéil arda muirir phréimheanna árachais chuig sealbhóirí polasaí príobháideacha agus gnó araon.

Chuir an Bord deireadh le go leor de na táillí dlíthíochta breise sin agus coimeádadh leibhéil na gcúiteamh d'íospartaigh thimpistí mí-ámharach ag an am céanna. D'éascaigh an Bord le cultúr a mbíonn páirtithe rannpháirteach lena chéile go réamhghníomhach chun éilimh a shocrú ón tús. Laghdaigh sé sin an líon toghairmeacha maidir le díobháil phearsanta arna eisiúint sna Cúirteanna ó c35,000 go dtí c14,000 cé gur léir go bhfuil ardú ar na cineálacha éileamh atá lasmuigh de dhualgas an Bhoird faoi láthair. Maidir le páirtithe díobhálaithe, go leor acu ar íospartaigh iad d'eachtra trámach éigin, is eol dóibh anois go gcinnteoidh an Bord Díobhálacha dámhachtain i 9 mí ar a mhéid i gcomparáid le meántréimhse 3 bliana sa chóras dlíthíochta.

Leantar ag brath tionchar obair an Bhoird agus tuigtear an gá atá anois mar a bhí riamh le samhail eile chun cásanna díobhálacha pearsanta a láimhseáil. Is léir na buntáistí atá leis an tsamhail dár gcustaiméirí, íospartaigh timpiste agus iadsan a bhíonn orthu cúiteamh a íoc araon. Go deimhin, d'fhéadfaí coincheap de shamhail na neamhsháraíochta dar ndóigh feidhm a bheith leis i réimsí eile.


Lean an Bord i rith 2011 i mbun nuálachta trí éifeachtúlachtaí níos fearr a chinntiú ó thaobh próiseas agus cinntíodh luach ar airgead breise trí earraí agus seirbhísí riachtanacha a cheannach. Tagann sin go deas le forbairtí foriomlána i gClár Athchóirithe na hEarnála Poiblí. Is obair leanúnach í seo ar mar atá éirithe linn sna blianta roimhe seo agus sinn ag iarraidh an luach is fearr is féidir a chinntiú ó thaobh ár seirbhís. D'éascaigh ardú ar tháirgiúlacht agus ar éifeachtúlacht le laghdú ar ár muirir de 10% agus 19% d'éilitheoirí agus d'fhreagróirí faoi seach. Cinntíodh é sin agus coimeádadh ár stádas féinmhaoinithe ag an am céanna.  Ní tharraingíonn an Bord aon mhaoiniú ón Státchiste. Tá an Bord tar éis an costas bunaidh de €6.9m a íoc ar ais anois freisin.

**Lean an Bord i rith 2011 i mbun nuálachta trí éifeachtúlachtaí níos fearr a chinntiú ó thaobh próiseas agus cinntíodh luach ar airgead breise trí earraí agus seirbhísí riachtanacha a cheannach.**

Tá mé muiníneach go leanfaidh an Bord Díobhálacha ag freastal ar riachtanais na bpríomhgheallsealbhóirí sna blianta atá amach romhainn. Is príomhaidhm don Bhord é costais iníoctha ár gcustaiméirí a laghdú. Sa bhreis air sin, tá sé mar aidhm againn páirtithe díobhálaithe a chur ar an eolas gur féidir leo a n-eisíocaíocht féin a laghdú trí éileamh a chur ar aghaidh chuig an mBord. Tá sé mar choinníoll i gCód Cosanta Thomhaltóirí an Bhainc Cheannais nach mór d'idirghabhálaithe árachais faisnéis a thabhairt d'éilitheoirí ionchais maidir lenár bpróisis. Creidimid go gcuideoidh sé sin le cumhacht a thabhairt do thomhaltóirí cinntí ar an eolas a dhéanamh.

Leanfaidh an Bord lena bpáirt sin in Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí trí bhealaí níos fearr a lorg go leanúnach chun ár seirbhísí a sholáthar. Rachfar i mbun gníomh go forghníomhach freisin le tionscnaimh nua go háirithe iad sin a mbeidh saincheisteanna laghdaithe costas i gceist leo feadh na hearnála poiblí. Tá sé mar aidhm againn go mothóidh custaiméirí go bhfaigheann siad seirbhís éifeachtúil, trédhearcach agus go bhfaigheann siad tacaíocht. Do thomhaltóirí go ginearálta, tá oibríochtaí an Bhoird Dhíobhálacha tar éis muirir phréimhe níos ísle a chinntiú agus tá sé sin an-tábhachtach sa lá atá inniu ann agus deacrachtaí ag tomhaltóirí agus níos mó cosaint ná riamh de dhíth orthu tráth a bhfuil glantuilleamh ag laghdú nó láimhdeachas gnó níos ísle.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis na Comhaltaí Boird aonair dá gcuid oibre i rith na bliana. Ba mhaith liom slán agus beannacht a ghuí ar na Comhaltaí sin a ndeachaigh a gcuid téarmaí oifige in éag le déanaí agus fáilte a chur roimh na gComhaltaí nua atá tagtha chun cinn i mbliana. Tá creidiúint ar leith tuilte ag foireann agus ag lucht bainistíochta na heagraíochta dá ndíograis, dá dtacaíocht agus dá macántacht i rith na bliana. Ar deireadh ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Richard Bruton T.D. dá thacaíocht agus táim ag súil go mór oibriú leis sna blianta atá amach romhainn agus sinn ag iarraidh ár seirbhísí a choimeád agus a fheabhsú.



Dorothea Dowling
Cathaoirleach

# Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh

In 2011, dhámh Injuriesboard.ie cúiteamh €210 milliún in iomlán i ndáil le 9,833 éileamh díobhála pearsanta. Faoin samhail dlíthíochta a bhí i bhfeidhm roimhe seo, bheadh costas thart ar €105 milliún (50%) ar an leibhéal sin dámhachtainí a phróiseáil. Bheadh na costais phróiseála coibhéise trí shamhail neamhsháraíochta an Bhoird níos gaire do €17 milliún, suim difreálach de €90 milliún.

Bhí an difríocht éifeachtúlachta sin mar bhun don réasúnaíocht bhunaidh laistiar de bhunú an Bhoird in 2004 tráth a facthas costais dlí iomarcacha sna blianta roimhe sin a raibh tionchar neamhiomaíoch agus neamhinbhuanaithe acu ar phréimheanna árachais do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí. Ag deireadh na bliana 2011, bhí árachas mótair 22% níos saoire ná mar a bhí deich mbliana roimhe sin, níor thóg sé de ghnáth ach thart ar seacht mí éilimh a réiteach, éilimh a dtógadh sé trí bliana roimhe seo réiteach a fháil orthu agus meastar go raibh coigiltis forchostais iomlán - díreach agus neamhdhíreach - os cionn leath billiún euro i gceist.

Sa bhreis ar na 9,833 dámhachtain a rinne an Bord, réitíodh thart ar 8,000 éileamh díobhála pearsanta eile ag céimeanna éagsúla dár bpróiseas atá bunaithe ar luath-idirghabháil. Mar a bhí riamh, leanann an Bord, mar éascaitheoir, ag díriú ar an éilitheoir agus ar an bpáirtí freagarthach chun toradh pras, cóir agus trédhearcach a fháil ar éilimh - ní hamháin toisc gur leis an éilitheoir agus an páirtí goilliúnach/freagarthach an t-éileamh i ndáiríre. Mar sin, tráth ar féidir éileamh a réiteach chun sástacht an dá thaobh ach nach dtéitear ar aghaidh go dtí an chéim iomlán dámhachtana, ansin is toradh an-inghlactha é sin don Bhord agus don phobal sa chúlú eacnamaíochta seo atá ann faoi láthair.

Cé go bhfuil cúlú eacnamaíochta ann agus go meastar go mbeidh ardú ar éilimh dhíobhálacha pearsanta mar thoradh air sin b'ionann an meán-dámhachtain in 2011 agus €21,339, sin laghdú 4.2% ar 2010. Tá an laghdú sin mar thoradh den chuid is mó ar mheath ar an gcion éileamh a bhaineann le hobair - de ghnáth ar luach níos airde - agus cailliúint tuillimh a bheith níos lú, mar gheall go bhfuil tuarastail níos ísle anois feadh an gheilleagair.

D'fhan an bunmhéid éilimh seasmhach, tháinig ardú 3% ar éilimh sa tréimhse agus is beag fianaise atá ann go mbeidh aon ardú mór ar éilimh sa chúlú eacnamaíochta seo. É sin ráite, tháinig ardú 12.2% ar luach iomlán na ndámhachtana sa tréimhse ach bhí sin mar thoradh den chuid is mó ar an ardú ar líon na ndámhachtana arna measúnú ag an mBord, a raibh ardú 17% ar tháirgiúlacht acu sa tréimhse. Cuireadh an t-ardú ar tháirgiúlacht sin ar aghaidh chuig freagróirí agus éilitheoirí araon a fuair sochar ó tháillí laghdaithe de 19% agus 10% faoi seach.

In 2011 d'éirigh leis an mBord dhá éacht mhóra a bhaint amach ó bunaíodh an Bord i lár 2004. Áirítear orthu an 50,000ú Dámhachtain agus luach iomlán na ndámhachtainí óna bhunú atá tar éis €1 billiún a shárú anois. Ina theannta sin, cé nach raibh sé réamhmheasta sa reachtaíocht bhunaithe, ní hamháin go bhfuil an Bord Díobhálacha féinmhaoinithe go hiomlán, ach i mí na Samhna seo caite, d'aisíoc an Bord na costais bhunaithe bhunaidh de €6.9 milliún chuig an Státchiste.

### Dearcadh agus fócas:

Cé go bhfuil go leor nithe bainte amach mar atá léirithe sa tuarascáil seo ní fhéadfar na maidí a ligeann le sruth. Mar Bhord ní mór dúinn leanúint ag iarraidh próisis agus córais nua a lorg chun ár seirbhís a fheabhsú, chun go mbeidh ár seirbhís níos inrochtaine agus níos éasca le húsáid ag úsáideoirí dár ngeallsealbhóirí go léir. Faoi láthair faigheann ár seirbhís ar líne 24/7 tacaíocht ónar nIonad Seirbhísí tiomnaithe a bhíonn ar oscailt ón 8am go dtí 8pm gach lá seachtaine. Déanfar athbhreithniú cuimsitheach in 2012 ar ár seirbhís iomlán ar líne agus cuirfear seirbhísí níos fearr ar fáil d'éilitheoirí, d'fhreagróirí agus d'aon duine a bheidh ag lorg faisnéise maidir le hábhair a bhaineann le díobháil, eolas ag réimsiú ó conas timpistí a sheachaint agus athshlánú, go teagmhálacha úsáideacha agus léargais.

**In 2011 d'éirigh leis an mBord dhá éacht mhóra a bhaint amach ó bunaíodh an Bord i lár 2004. Áirítear orthu an 50,000ú Dámhachtain agus luach iomlán na ndámhachtainí óna bhunú atá tar éis €1 billiún a shárú anois.**

Áiríodh ar fhorbairt thábhachtach do thomhaltóirí in 2011 foilsiú Cód an Bhainc Cheannais ar Chosaint Tomhaltóirí. Éilíonn an cód nua go soláthróidh idirghabhálaithe árachais mionsonraí faoi phróiseas éileamh an Bhoird Díobhálacha do thomhaltóirí chomh luath agus a bhíonn an t-árachóir ar an eolas faoi éileamh a d'fhéadfadh a bheith ann. Táthar ag súil go mbeidh seasamh níos fearr ag éilitheoirí díobhálacha pearsanta chun táillí dlí breise neamhriachtanacha a sheachaint trí thuiscint níos fearr a bheith acu ar an difríocht ó thaobh costais idir éileamh a lorg go díreach nó trí aturnae. D'fhéadfadh an t-athrú seo a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2012 coigilteas suas le €2,000 in aghaidh an éilimh nó suas le €20 milliún in aghaidh na bliana a chinntiú.

### Athchóiriú ar an Earnáil Phoiblí


Mar Ghníomhaireacht táimid tiomanta do chlár oibre athchóirithe an Rialtais agus fáiltítear roimh shraith tionscnamh Rialtais ina thaobh sin. In 2011 chuaigh an Bord Díobhálacha i mbun roinnt tionscnamh tras-fheidhmeach le comhlachtaí poiblí eile idir creata soláthair seirbhísí roinnte agus deighilt sreabhadh croí-oibre/obair theicniúil agus sreabhadh neamhchroí-oibre. Tá na tionscnaimh sin deartha chun leas a bhaint as deiseanna chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht seirbhíse dár saoránach ag an líne tosaigh trí sheirbhísí a sheachadadh níos tapúla agus ag costais níos ísle/trasghníomhaíochta. Tá mé muiníneach go mbeidh torthaí sonracha na n-iarrachtaí sin in 2011 le feiceáil sa bhliain 2012.

Sa bhreis air sin, mar Ghníomhaireacht den Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, cuireann an Bord go díreach leis an ngeilleagar tríd an príomhthiománaí costas préimheanna árachais ginearálta i.e. éilimh maidir le díobháil phearsanta a choimeád síos. Bhí an líon níos ísle d'éilimh maidir le díobhálacha pearsanta ardchostas a bhí riamh mar olltiománaí ar na costais éileamh seachas an líon níos airde d'éilimh maoine ar luach íseal nó ar mheánluach (i.e. deisiúchán carranna etc.). Ó tugadh soiléireacht san earnáil seo roinnt blianta ó shin, glacadh leis gur trí chostas próiseála na n-éileamh seo a choimeád a d'fhéadtaí préimheanna mótair agus dliteanais a rialú.

Tá costas árachais mar phríomhthiománaí ar chostas earraí agus seirbhísí sa tír seo; mar sin d'fhéadfaí a rá go bhfuil obair an Bhoird níos tábhachtaí ná riamh mar thoradh ar na dúshláin eacnamaíoch atá roimh an Stáit. Cé go bhfuil costais dlíthíochta feadh gach gné den gheilleagar mar fhócas do dhéantóirí polasaí, féadfaidh an Bord a dheimhniú go bhfuil línte ama próiseála agus costas faoi shamhail na neamhsháraíochta cúig uaire níos tapúla agus cúig uaire níos ísle ná costas dlíthíochta. Tá iarracht bainte as an tsamhail anois agus tástáil déanta uirthi agus í lánpháirtithe go maith mar chuid de thírdhreach díobhála pearsanta athchóirithe in Éirinn. Níl sé sin amhlaidh feadh na hEorpa agus go háirithe sa Ríocht Aontaithe, áit a bhfuil go leor de na fadhbanna céanna anois ann agus a bhí in Éirinn ag tús na mílaoise seo.

### Buíochas:

Ba mhaith liom ómós a léiriú do thiomantas leanúnach ár bhfoireann agus ár lucht bainistíochta dá dtiomantas i rith tréimhse dhúshlánach nuair atá orainn orainn leanúint ag déanamh níos mó oibre agus níos lú acmhainní ar fáil dúinn. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh freisin leis an mBord rialaithe dá ról ceistiúcháin leanúnach agus dá gcuid tacaíocht atá mar bhun do gach a ndéantar agus go deimhin buíochas a ghlacadh leis an Aire Bruton agus lena fhoireann dá gcuid tacaíochta i rith na bliana.



Patricia Byron
Príomhfheidhmeannach

# Forléargas

## RÁITEAS MISIN

IS É RÁITEAS MISIN INJURIESBOARD.IE NÁ "AN BEALACH A RÉITEACH GO NEAMHSPLEÁCH DON CHÚITEAMH ATÁ DLITE A THABHAIRT I GCRÍCH AR BHEALACH CÓIR, PRAS, FOLLASACH CHUN LEASA AN PHOBAIL".

AGUS SINN AG CUR ÁR MISEAN AGUS MANDÁID I GCRÍCH, RINNE INJURIESBOARD.IE AN MÉID SEO A LEANAS:

- BAINISTIÚ AR 27,669 ÉILEAMH DÍOBHÁLA PEARSANTA, AGUS BHRONN 9,833 DÁMHACHTAIN FOIRMIÚIL, D'ÉASCAIGH LE RÉITEACH A FHÁIL AR BHREIS AGUS 8,000 DÁMHACHTAIN
- MEÁNMHÉID AMA DE 7.2 MÍ A BHAINT AMACH CHUN ÉILIMH A PHRÓISEÁIL – LAISTIGH DEN LÍNE AMA REACHTÚIL 9 MÍ;
- CÚITEAMH IOMLÁN €209.83 MILLIÚN A BHRONNADH AR ÍOSPARTAIGH TIMPISTÍ AR CHOSTAS RIARACHÁIN FAOI BHUN 8.8% DEN MHÉID IARMHÍR CÚITIMH. B'IONANN SIN AGUS LAGHDÚ SUNTASACH AR AN GCOSTAS RIARACHÁIN 46% SULAR BUNAÍODH AN BORD.

## CROÍ-CHUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

SEO A LEANAS NA SÉ CHUSPÓIR STRAITÉISEACH ATÁ AG INJURIESBOARD.IE MAR ATÁ LEAGTHA AMACH SA PHLEAN STRAITÉISEACH REATHA:

**CUSPÓIR 1**
**MEASÚNÚ CÓIR, CRUINN A DHÉANAMH GO TRÁTHÚIL AR AN TSUIM CHÚITIMH A BHFUILTEAR INA TEIDEAL I GCÁS ÉILIMH MAIDIR LE DÍOBHÁIL PHEARSANTA A THAGANN FAOI SCÁTH INJURIESBOARD.IE**

**CUSPÓIR 2**
**NA COSTAIS RIARACHÁIN A BHAINEANN LE MEASÚNÚ AR ÉILIMH DHÍOBHÁLA PEARSANTA A THAGANN FAOI SCÁTH INJURIESBOARD.IE A ÍSLIÚ.**

**CUSPÓIR 3**
**CULTÚR NUÁLACHTA AGUS FEABHAIS A CHUR CHUN CINN, TRÍNA GCOTHAÍTEAR EAGRAÍOCHT ÉIFEACHTACH, SHOMHÚNLAITHE ATÁ ÉIFEACHTÚIL Ó THAOBH COSTAIS LE FOIREANN DHÍOGRAISEACH, CHUMASACH ANN.**

**CUSPÓIR 4**
**SEIRBHÍS SHÁRMHAITH DON CHUSTAIMÉIR A THABHAIRT CHUN CINN TRÍ PHRÓISEAS MEASÚNAITHE ÉILEAMH A CHUR AR SIÚL ATÁ FOLLASACH, ÁISIÚIL.**

**CUSPÓIR 5**
**CUR LEIS AN TUISCINT AG AN BPOBAL AR INJURIESBOARD.IE AGUS AR NA BUNTÁISTÍ ATÁ LEIS.**

**CUSPÓIR 6**
**CUR GO DEARFACH LEIS AN ATHRÚ AR AN TIMPEALLACHT RÉITEACH ÉILEAMH DÍOBHÁLA PEARSANTA IN ÉIRINN.**

LEAN INJURIESBOARD.IE AG OBAIR I DTREO NA GCUSPÓIRÍ SIN A BHAINT AMACH LE LINN 2011. LEAGTAR AMACH NA TIONSCNAIMH AGUS NA GNÍOMHARTHA AR TUGADH FÚTHU I RITH NA BLIANA I GCUID 1 GO 4 DEN TUARASCÁIL SEO.

# Cuid 1

## Measúnú cóir, cruinn a dhéanamh go tráthúil ar theidlíochtaí cúitimh.

# Cuid 1

## Measúnú cóir, cruinn a dhéanamh go tráthúil ar theidlíochtaí cúitimh.

### Dámhachtainí

In 2011, rinne an Bord 9,833 dámhachtain ag luach €209.83 milliún.

Is ionann Dámhachtain agus luach an chúitimh a bhíonn iníoctha le duine aonair i ndáil le héileamh maidir le Díobháil Phearsanta sa chás nach bhfuil díospóid ann faoi dhliteanas. Áirítear ann Damáistí Ginearálta do phian agus d’fhulaingt de bharr na díobhála go dtí seo agus amach anseo chomh maith. Is féidir le Damáistí Speisialta a bheith i gceist le Dámhachtain freisin as caillteanas airgeadais go dtí seo agus amach anseo e.g.caillteanas pá, costas cúraim liachta etc. Baineann na sonraí sa tuarascáil seo le luach iomlán na Dámhachtana agus ní dhéantar idirdhealú idir Damáistí Ginearálta agus Speisialta.

Déantar Damáistí a mheas bunaithe ar an Leabhar Cainníochtaí, atá mar threoir ar leibhéil cúitimh in Éirinn (ar fáil ar www.injuriesboard.ie) agus a bhfuil ceanglas dlíthiúil ar na Cúirteanna tagairt a dhéanamh de faoin Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna 2004. Cinntítear leis sin sa chás go scaoileann an Bord roinnt cásanna chuig na Cúirteanna gur féidir an leibhéal céanna dámhachtainí a dhearbhú do dhíobhálacha den sórt céanna, fad a thugtar aghaidh ar ábhair eile, mar dhíospóidí dliteanais, sa Chúirt. Mar a bheifí ag súil leis, tarlaíonn sin in thart ar aon trian de chásanna Díobhála Pearsanta. D’éirigh le próiseas riaracháin an Bhoird i gcás dhá thrian de na cásanna Mótair, Áit Oibre agus Dliteanais Phoiblí go léir eile deireadh a chur le dlíthíocht nach gá léi agus ar an tslí sin leis na costais a bhaineann léi agus laghdú a chur ar an líon ama a bhíonn ar thríú pháirtithe fanacht lena gcúiteamh i gcásanna nach mbíonn gá le héisteacht iomlán ó bhéal.

#### Líon agus Luach Dámhachtainí

Bunaíodh an Bord in 2004 agus rinne an Bord a chéad dhámhachtain i 2005. Léiríonn Tábla 1.1 líon agus luach na nDámhachtainí a rinneadh gach bliain ó 2006.


Tábla 1.1 Líon agus Luach na nDámhachtainí de réir bliana

| | Líon Dámhachtainí | Luach Dámhachtainí |
|---|---|---|
| 2011 | 9,833 | €209.83m |
| 2010 | 8,308 | €186.63m |
| 2009 | 8,643 | €200.22m |
| 2008 | 8,845 | €217.16m |
| 2007 | 8,208 | €181.04m |
| 2006 | 5,573 | €115.28m |
| Iomlán | 49,410 | €1,110.16m |

#### Dámhachtainí de réir Chatagóir Éileamh

In 2011, bhain 77% de na dámhachtainí go léir le cásanna Dliteanas Mótair, agus bhain 8% le Dliteanas Fostóra agus 15% le Dliteanas Poiblí.

Fíor 1.1
% Briseadh Síos ar Dhámhachtainí 2011 de réir Catagóire



| | |
|---|---|
| Dliteanas Mótair | 77% |
| Dliteanas Fostóra | 15% |
| Dliteanas Poiblí | 8% |


## D’éirigh le próiseas riaracháin an Bhoird i gcás dhá thrian de na cásanna Mótair, Áit Oibre agus Dliteanais Phoiblí go léir eile deireadh a chur le dlíthíocht nach gá léi agus ar an tslí sin leis na costais a bhaineann léi

### Luach na nDámhachtainí de réir Catagóire

Léiríonn Fíor 1.2 meánluach na ndámhachtainí de réir gach ceann de na catagóirí in 2011 i.e. Dliteanas Mótair, Dliteanas Fostóra agus Dliteanas Poiblí. B’ionann meánluach na ndámhachtainí in 2011 agus €21,339 agus 4.2% níos ísle ná mar a bhí in 2010. Féadfaidh cásualach an Bhoird a bheith éagsúil ó bhliain go bliain agus léiríonn sé sin athruithe sa timpeallacht eacnamaíoch agus an sreabhadh ar éilimh nua. Mar gheall air sin, bíonn éagsúlacht ar mheánluach na ndámhachtainí ó bhliain go bliain. In 2011, bhí laghdú ar mheánluach foriomlán na ndámhachtainí, a bhuíochas, go príomha, don laghdú ar na héilimh a bhaineann le hobair - de ghnáth ar luach níos airde - agus ar laghdú ar thuilleamh, toisc tuarastail níos ísle a bheith feadh an gheilleagair.

I rith 2011, agus ag teacht le blianta roimhe seo, ba iad na dámhachtainí sa chatagóir Dliteanas Fostóra ab airde, ag €27,102, rud a léiríonn nádúr na ndíobhálacha a fhaightear i dtimpistí mar sin, díobhálacha a bhíonn níos tromchúisí agus níos casta go minic. Léiríonn na figiúirí thíos na 9,833 dámhachtain a rinneadh, a raibh 7,521 díobh ina gcásanna Dliteanas Mótair, 1,482 ina gcásanna Dliteanais Phoiblí agus 830 ina gcásanna Dliteanais Fostóra. Tugann Cuid 4 den tuarascáil seo eolas níos mionsonraithe maidir le taighde a rinneadh ar chatagóirí sonracha éileamh.


Fíor 1.2
Meánluach na nDámhachtain de réir Catagóire 2011




### Raon Dámhachtainí - Dámhachtainí ab airde/ab ísle

Léirítear na dámhachtainí ab ísle agus ab airde i bhFíor 1.3.

Fíor 1.3 Raon Dámhachtainí




Próiseálann an Bord éilimh ag réimsiú ó íseal go maith ó thaobh déine go dtí cásanna an-tromchúiseacha. Rinneadh an dámhachtain is airde go dtí seo in 2011.

### Briseadh síos ar líon iomlán na nDámhachtainí in 2011 de réir luacha agus Chatagóir Éileamh

Bíonn thart ar 65% de Dhámhachtainí InjuriesBoard.ie faoi €20,000 agus bíonn 91% faoi €38,000.

Tá próifíl na n-éileamh díobhála pearsanta réasúnta comhleanúnach i gcónaí ó tháinig an Bord i bhfeidhm. Bhain agus baineann na díobhálacha i gceist le fíochán bog nó le bristeacha, nó le meascán den dá rud agus fuair thart ar 90% de na cásanna sin dámhachtainí cúitimh faoi €38,000 agus fuair dhá thrian dámhachtainí faoi €20,000.

Níor chóir beag a dhéanamh don intuarthacht a chuireann na sonraí sin ar fáil dóibh siúd a oibríonn le bainistiú riosca, cóireáil liachta agus athshlánúchán.

Is féidir teacht ar anailís gheografach mhionsonraithe ar dhámhachtainí in Aguisín 3.

# Cuid 1

## Measúnú cóir, cruinn a dhéanamh go tráthúil ar theidlíochtaí cúitimh.

Tábla 1.2 Briseadh síos ar Líon Iomlán na nDámhachtainí in 2011 (de réir Luacha agus Chatagóir Éileamh)

| Meánluach Catagóire (€'anna) | Dliteanas Mótair | Dliteanas Fostóra | Dliteanas Poiblí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| <20k | 5,215 | 376 | 798 | 6,389 |
| 20-38k | 1,754 | 322 | 497 | 2,573 |
| 38-100k | 500 | 123 | 185 | 808 |
| >100k | 52 | 9 | 2 | 63 |
| Iomlán | 7,521 | 830 | 1,482 | 9,833 |

Is fiú a thabhairt ar aird gur eisceacht i gcónaí iad éilimh díobhála pearsanta tromchúiseacha i staitisticí réamh-Bhoird agus Boird. Is é an líon ard éileamh lena mbaineann luach íseal nó meánluach atá mar threallús don bhille éileamh cúitimh bunúsach agus a bhfuil tionchar ar deireadh aige ar chostas na bpréimheanna árachais. Mar sin, bhí sé mar thosaíocht i gcónaí ag an mBord in 2011 a bheith mar threallús do línte ama níos tapúla agus do chostais riaracháin níos ísle, agus, ó bunaíodh é, an bunús costais sin a choimeád ag an leibhéal is ísle is féidir gan cur isteach ar cháilíocht na n-aschur.

### Meánluach na nDámhachtainí de réir Cúige/Catagóire 2011

Léiríonn Tábla 1.3 briseadh síos ar mheánluach na ndámhachtainí de réir catagóire ar bhonn cúige. Bíonn luach níos airde ag dámhachtainí Dliteanas Fostóra ar feadh na gCúigí, de ghnáth, mar gheall ar nádúr na ndíobhálacha a fhaightear i dtimpistí san áit oibre. Léiríonn éagsúlachtaí aonair laistigh de chúigí nádúr faoi leith na dtimpistí a bhí i gceist.

Tábla 1.3

| Baile Átha Cliath | Meánluach 2011 |
|---|---|
| Dliteanas Mótair | €19,318 |
| Dliteanas Fostóra | €23,355 |
| Dliteanas Poiblí | €21,320 |

| An chuid eile de Chúige Laighean | Meánluach 2011 |
|---|---|
| Dliteanas Mótair | €22,669 |
| Dliteanas Fostóra | €29,430 |
| Dliteanas Poiblí | €23,656 |

| Connacht-Uladh | Meánluach 2011 |
|---|---|
| Dliteanas Mótair | €22,167 |
| Dliteanas Fostóra | €33,690 |
| Dliteanas Poiblí | €25,673 |

| Mumha | Meánluach 2011 |
|---|---|
| Dliteanas Mótair | €18,742 |
| Dliteanas Fostóra | €26,972 |
| Dliteanas Poiblí | €21,922 |

### Líne Ama Measúnaithe

Tá sé de dhualgas ar InjuriesBoard.ie, faoin Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003, measúnú a dhéanamh ar éilimh laistigh de 9 mí den Fhreagróir (an té sin a bhfuil cúiteamh á lorg air/uirthi/orthu) toiliú do phróiseas an Bhoird. Léiríonn torthaí 2011 maidir le InjuriesBoard.ie gur 7.2 mí a bhí sa mheánmhéid ama a theastaigh chun measúnú a dhéanamh; cinntíodh é sin mar thoradh ar thiomantas leanúnach an Bhoird i leith éifeachtúlachta agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an bpróiseas.

### Iarratais

De réir an Achta um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003, ní mór gach éileamh díobhála pearsanta (seachas Faillí Liachta agus roinnt catagóirí éileamh mar atá léirithe in Alt 4 den Acht) a chur ar aghaidh chuig InjuriesBoard.ie. Fuair InjuriesBoard.ie líon iomlán de 27,669 Iarratas ar éilimh Dhíobhála Pearsanta in 2011 (ardú 2.6% ar 2010). Bhain na hIarratais sin le héilimh díobhála pearsanta do thimpistí san Áit Oibre, timpistí Mótair agus éilimh faoi thimpistí in áit phoiblí agus tháinig ardú thart ar 3.3%, 2.4% agus 2.8% faoi seach orthu.

Mar thoradh ar bhunú InjuriesBoard.ie, an luas lena ndéileáiltear le héilimh agus comhsheasmhacht na ndámhachtainí, rinneadh athrú suntasach ar an tslí a réitítear éilimh Dhíobhála Pearsanta anois.


Sular bunaíodh an Bord, tionscnaíodh idir 30,000 agus 35,000 imeacht díobhála pearsanta sna Cúirteanna gach uile bliain. Tá laghdú tagtha ar líon na gcásanna lena mbaineann dlíthíocht den sórt sin go dtí thart ar 14,000 in aghaidh na bliana. Tá sé sin ag teacht go mór leis an sprioc a bhí leagtha amach ag an tús i.e. go mbainfear dhá thrian de na cásanna díobhálacha pearsanta ó dhlíthíocht nach raibh gá léi. De ghnáth, eascraíonn na cásanna deiridh sin sa chás nach mbíonn údáras ag InjuriesBoard.ie faoin Acht (i.e. gan cásanna Failí Liachta san áireamh) agus nach ndéileáiltear leis na héilimh (e.g. sa chás go mbíonn díospóid faoi dhliteanas).

# Fuair InjuriesBoard.ie líon iomlán de 27,669 Iarratas ar éilimh Dhíobhála Pearsanta in 2011 (ardú 2.6% ar 2010)

Réitítear cion suntasach d'éilimh dhíobhála pearsanta trí dhámhachtain fhoirmiúil ón mBord nó trí shocrú luath idir na páirtithe, arna éascú ag an mBord. Cé nach bhfuil sonraí iomlána ar fáil fós ó árachóirí, is léir ó threochtaí go socraítear cás amháin in aghaidh gach dámhachtana foirmiúla a bhronntar leis an tsaoráid luath-idirghabhála. Cé go bhfuil sé éigeantach gach cás a chur faoi bhráid an Bhoird, ní bhíonn gá le gach uile ceann díobh dul chuig an bpróiseas dámhachtana iomlán. Trí Éilitheoirí a chur i dteagmháil le Freagróirí ag céim luath, trí dhíospóireacht oscailte agus thrédhearcach a spreagadh, agus trí chóip de pháipéir an éilimh a thabhairt don dá thaobh, réitítear go leor cásanna trí shocrú comhaontaithe idir na páirtithe go díreach. Scaoileann an Bord cásanna díospóide chuig na Cúirteanna mar d'fhéadfadh sé bheith níos iomchuí do na cásanna sin dul ar aghaidh chuig éisteacht ó bhéal sna cúirteanna. Téann na héilimh eile tríd an bpróiseas iomlán dámhachtana. Cinntíonn an scagadh agus an chinnteoireacht sin nach mbíonn cásanna gafa le próiseas gan ghá, má bhíonn réiteach ar fáil trí dhíospóireacht/idirghabháil luath laistigh dár gcóras neamhsháraíochta.

I mí Dheireadh Fómhair 2011 d'eisigh an Banc Ceannais torthaí chigireacht théamach i ndáil le socruithe díobhála pearsanta a bhí déanta ag cuideachtaí árachais. Léiríonn na torthaí go socraítear thart ar 70% de na cásanna nó go ndéanann InjuriesBoard.ie dámhachtainí ina leith. Tá amhlaidh mar a bheifí ag súil leis agus sin ag teacht lenár ndualgas agus is é sin cásanna a bhaint de dhlíthíocht. Bhí sé beartaithe go bhféadfaí dhá thriú de na cásanna a bhaint agus tacaíonn torthaí an Bhainc Cheannais leis an toradh sin. Léiríonn an tuarascáil go socraítear 39% de na cásanna sula dtagann siad chuig InjuriesBoard.ie. Mar sin féin, meastar gur dóigh go mbeadh cásanna san áireamh ansin ina ndéanfaidh éilitheoirí teagmháil lenár nIonad Seirbhísí a chuirfear ar an eolas faoin rogha atá acu cúiteamh a lorg ón bpáirtí goilliúnach sula dtéann siad i mbun aon phróiseas foirmiúil. Éascaíonn an próiseas sin le hidirghabháil luath agus gníomhach agus seachadaítear réitigh luath.

Fíor 1.4
Líne Ama Cúitimh




## Leasú ar Alt 50 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003

Síníodh an tAcht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2011 ina dhlí an 2 Lúnasa 2011. Foráiltear ann go ndéileálfaidh an Bord anois le héilimh in aghaidh fhreagróirí nach maireann maidir le hiarratais a fhaightear tar éis don Acht sin teacht i bhfeidhm.

Sular glacadh leis an Acht sin, níor cheadaigh Alt 50 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003 (Acht PIAB 2003) ach don Bhord stop a chur le rith an ama faoi Reacht na dTréimhsí. Tá na héilimh in aghaidh Fhreagróirí nach Maireann arna rialú ag an Acht um Dliteanas Sibhialta agus tá éilimh ó phaisinéirí Mara agus Eitlíochta arna rialú ag Coinbhinsiúin Idirnáisiúnta agus mar sin ní raibh ar ár gcumas déileáil leis na héilimh sin go mbeadh alt 50 leasaithe. Tá leasú sa Bhille um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2011 ar alt 50 a cheadaíonn don Bhord an t-am a stopadh ag rith faoin Acht um Dliteanas Sibhialta maidir le héilimh in aghaidh Fhreagróirí nach maireann. Cé go bhféadtaí an tAcht um Dliteanas Sibhialta a thabhairt isteach faoi alt 50 ní fhéadtaí na Coinbhinsiúin Idirnáisiúnta a thabhairt isteach faoi alt 50 toisc nach féidir le reachtaíocht baile sriantachtaí ama faoi Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta a athrú. Tá éilimh Mara agus Eitlíochta fágtha ar lár go sonrach anois faoin Acht PIAB 2003 trí leasú ar alt 3 ach is líon beag éileamh atá i gceist.

# Cuid 2

Na costais riaracháin a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar éilimh dhíobhálacha pearsanta a laghdú.

# Cuid 2

## Na costais riaracháin a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar éilimh dhíobhálacha pearsanta a laghdú.

### Gníomhaireacht Féinmhaoinithe

Seachas airgeadas a fhaightear ón Státchiste do chostais bhunaidh, tá an Bord á mhaoiniú féin ó 2006, agus ní raibh gá le haon airgead ón Státchiste agus dá réir aon airgead ón gcáiníocóir. Coimeádadh an stádas féinmhaoinithe sin arís in 2011. Arís in 2011, chomhaontaigh an Bord an deontas do chostais bhunaidh a fuarthas ón Roinn ar luach €6.9m a aisíoc. Bunaíodh an Bord dá réir agus leantar i mbun feidhme gan aon chostas ar an Státchiste ná ar an gcáiníocóir.

Tagann ioncam an Bhoird ón ioncam táillí a ghearrtar - ar Fhreagróirí go príomha (nó ar a gcuid árachóirí) agus gearrtar táille iarratais bheag ar Éilitheoirí. In 2011, laghdaigh an Bord na táillí a ghearrtar ó €1,050 go dtí €850 (19%) d'Fhreagróirí agus ó €50 go dtí €45 (10%) d'Éilitheoirí. De bharr na laghduithe sin ar na táillí brúfar síos na costais foriomlána a thabhaíonn árachóirí go príomha agus ba chóir go mbrúfar préimheanna síos tuilleadh chomh maith. Tháinig an laghdú ar tháillí i bhfeidhm ón 1 Feabhra 2011 agus laghdaigh ioncam iomlán an Bhoird thart ar €1.5m ó leibhéil 2010. In ainneoin an laghdú ar Ioncam na dTáillí thaifead an Bord barrachas de €4.4m in 2011. Cinntíodh é sin trí mheascán éifeachtúlachtaí oibríochtaí leanúnacha mar aon le bainistiú rathúil ar dhlíthíocht, go háirithe cosaint Athbhreithnithe Breithiúnacha.

Bhí béim leanúnach in 2011 ar luach ar airgead a chinntiú maidir leis na soláthairtí agus na seirbhísí a fhaigheann an Bord. Baineadh úsáid as tairiscint iomaíoch agus tarraingtí anuas ó chonarthaí rialtais láir d'fhonn coigiltis a éascú. Ag tacú le beartas an Rialtais maidir le táillí gairmiúla a laghdú, rinne an Bord coigiltis €311,000 in 2011 ó thaobh an costas a bhaineann le tuarascálacha liachta neamhspleácha a fháil agus bhí fócas leanúnach ar bhainistiú éifeachtach príomhsholáthróirí painéil liachta.

Déanann an Bord a ndícheall na soláthróirí a íoc laistigh de théarmaí na reachtaíochta um íoc pras (is ionann sin agus 30 lá ó réiteofar aon saincheisteanna a thagann ó shonraisc). In 2001, cloíodh leis na bearta sin sa bhreis ar 90%. Sna cásanna sin ar sáraíodh na 30 lá, íocadh ús um íoc pras ina leith. I rith 2011, síníodh treoirlíne ón Rialtas a laghdaigh an líon laethanta chun soláthróirí a íoc go dtí 15 (ó 30 lá ) go dtí gach Gníomhaireacht Stáit. Ghlac an Bord leis an gceanglas nua sin freisin. Tugadh isteach ceanglas maidir le tuairisciú ráithiúil freisin lena n-áirítear ceanglas tuarascálacha ráithiúla a fhoilsiú ar ár láithreán gréasáin. Maidir leis an ráithe dar críoch an 31 Nollaig 2011, rinneadh 71% dár n-íocaíochtaí go léir le soláthróirí laistigh de 15 lá agus rinneadh 98% laistigh de 30 lá.

Íocann an Bord thart ar 18,000 éileamh a bhaineann le sonraisc gach bliain. In 2011 forbraíodh feidhmiúlacht nua laistigh dár gcóras Bhainistiú Éileamh a cheadaíonn don Bhord gach soláthróir a bhaineann le héilimh a íoc trí EFT (Ríomhaistriú Airgid). Ag deireadh 2011, leathadh an fheidhmiúlacht sin amach go dtí 80% de sholáthróirí iomchuí.

### Coigiltis ó thaobh costais

In 2011, sheachaid InjuriesBoard.ie an leibhéal cúitimh reatha ag costas seachadta 8.8% i gcomparáid le 46% faoin gcóras dlíthíochta a bhí ann sular bunaíodh an Bord. Níl costais seachadta InjuriesBoard.ie bunaithe ar chéatadán de mhéid na dámhachtana ach is táillí seasta d'éilitheoirí (€45) agus d'fhreagróirí (€850) iad de ghnáth. Mar a tuairiscíodh i dTuarascáil Bhliantúil na bliana seo caite, tugann sonraí ó scéimeanna cúitimh lasmuigh de réimse freagartha an Bhoird le tuiscint gur ábhar imní suntasach go fóill in Éirinn iad na costais dlíthíochta. Dealraítear go meallann go leor leor cásanna Díobhála Pearsanta, a phróiseáiltear lasmuigh de chóras neamhsháraíochta an Bhoird,

Tábla 2.1 Líon Iomlán agus Luach na nDámhachtainí ar Glacadh leo ó InjuriesBoard.ie

| | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon na nDámhachtainí ar Glacadh Leo | 5,000 | 5,670 | 5,387 | 5,038 | 5,875 |
| Luach Iomlán na nDámhachtainí ar Glacadh Leo | €102m | €131.34m | €118.2m | €108.24m | €122.71m |

Tábla 2.2 Costais Sheachadta agus Coigilteas Costais Mheasta InjuriesBoard.ie

| | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|
| Iomlán Chostas Seachadta InjuriesBoard.ie | €7.4m | €10.19m | €10.3m | €9.52m | €10.68m |
| Costais Dlíthíochta Inchomparáide | €47.15m | €60.41m | €54.4m | €49.79m | €56.45m |
| Coigiltis Iarbhíre (InjuriesBoard.ie Vs. Córas Dlíthíochta) | €39.75m | €50.22m | €44.1m | €40.27m | €45.59m |

costais dlíthíochta a sháraíonn an meánmhéid de 46%, mar a aithníodh i dTuarascáil de chuid an Bhoird Chomhairligh um Árachas Gluaisteáin (2004). Tá an oiread tábhacht leis an tagarmharc sin inniu agus a bhí riamh.

In 2011, ghlac custaiméirí de chuid InjuriesBoard.ie le 5,875 dámhachtain, as a lean glacadh le €122.71 milliún cúitimh. Tugtar na figiúirí iomchuí do 2007, 2008 agus 2009 i dTábla 2.1 thuas. Tá an líon dámhachtainí ar glacadh leo réasúnta comhsheasmhach le 5 bhliana anuas. Bíonn tionchar ag an meascán éileamh, i.e. cibé acu Dliteanas Mótair, Poiblí nó áit oibre, chomh maith le déine na ndíobhálacha agus na gcaillteanas airgeadais laistigh de gach ceann de na catagóirí sin, ar luach an chúitimh.

Cé go ndearna an Bord 9,833 dámhachtain in 2011, chun críocha coigiltis díreacha a ríomh, ní áiríonn an Bord, inár meastóireacht, ach na dámhachtainí a nglacann Éilitheoirí agus Freagróirí leo araon. Dá réir sin, is ríomh thar a bheith coimeádach atá ann, mar nach n-áirímid na cásanna a n-éascaímid leo ag na céimeanna luath dár bpróiseas ná cásanna a scorann i rith ár bpróisis nó díreach i ndiaidh ár bpróisis, nuair a thagann na páirtithe ar shocrú. Bíonn réiteach den sórt sin idir na páirtithe, den chuid is mó, mar gheall ar an obair a dhéanaimid leo.

Is léir go n-eascraíonn coigiltis bhreise shuntasacha i ndáil leis na cásanna sin a éascaímid leo tríd an Ionad Seirbhísí agus bhíodh a leithéid sin de ghnáth ag dul trí dhlíthíocht sula raibh muid ann. Meastar go réitítear suas le 8,000 cás idir páirtithe tar éis teagmháil ar dtús le hIonad Seirbhísí an Bhoird, a éascaíonn cumarsáid níos fearr idir na príomhpháirtithe agus is iad sin an tÉilitheoir agus an Freagróir. Níl fáil go fóill ar shonraí cuimsitheacha san fhormáid a éilíonn an tionscal árachais ar leibhéal shocruithe den sórt sin, d'ainneoin iarrachtaí ina leith le blianta anuas. Ach bhí an-tábhacht le faisnéis i ndáil le socruithe mar thoradh ar staidéar de chuid an Bhainc Cheannais le déanaí - féach tagairt i gCuid 1 den tuarascáil seo. Fuarthas sa staidéar sin go bhfaightear socrú ar 70% de gach éileamh go díreach idir páirtithe nó trí dhámhachtain an Bhoird agus dá réir nach mbíonn gá leanúint ar aghaidh go dtí dlíthíocht. Ina theannta sin, léiríonn taighde an Bhainc Cheannais go bhfaightear socrú go tapa ar mheasúnaithe de chuid an Bhoird nár glacadh leo agus de ghnáth nach leanann siad chun cúirte. Breithnítear sa Bhord gur dóigh go n-íoctar roinnt costas chun na cásanna sin a shocrú de ghnáth. Tagraítear i dtuarascáil an Bhainc Cheannais freisin do na costais fhoriomlána, luaite ag 24% ar gach éileamh, lena n-áirítear dámhachtana an Bhoird (nuair a bhíonn costais níos lú ná 9%, socruithe díreacha agus cásanna dlíthíochta). Níor soláthraíodh aon bhriseadh síos ar chásanna dlíthíochta i gcomparáid leo sin a socraíodh nó a réitíodh trí phróiseas an Bhoird. Mar sin féin, is féidir tátal a bhaint as gur ionann costas dlíthíochta agus thart ar 50-60% de na cásanna a mbíonn gá le himeachtaí. Táthar ag súil go bhféadfadh tuilleadh sonraí cuidiú chun tuiscint níos fearr a fháil ar chostas foriomlán dlíthíochta i gcomparáid le próiseas an Bhoird agus chuideodh sin anailís sochair costais a dhéanamh den dá chóras atá ann chun réiteach a fháil ar éilimh maidir le díobháil phearsanta.

Léiríonn Tábla 2.2 thuas costais seachadta iarbhíre InjuriesBoard.ie de €10.86m agus cuirtear sin i gcomparáid leis an bhforchostas measta maidir leis an luach dámhachtana céanna a sheachadadh faoin gcóras dlíthíochta (46%) i.e. €56.45m. Léirítear na coigiltis a dhéantar dá bharr sa ró íochtair. B'ionann coigiltis dhíreacha a rinne InjuriesBoard.ie in 2011 agus €45.59m. Níl ansin, áfach, ach cuid bheag de na coigiltis foriomlána nach féidir a ríomh go dtí go bhfaighfear sonraí ón Tionscal Árachais san fhormáid riachtanach.

# Cuid 3

Seirbhís shármhaith don chustaiméir a chinntiú ó eagraíocht Éifeachtach agus Éifeachtúil.

# Cuid 3

Seirbhís shármhaith don chustaiméir a chinntiú ó eagraíocht Éifeachtach agus Éifeachtúil.

## Seirbhís do Chustaiméirí

In 2011, lean InjuriesBoard.ie ag cur próiseas measúnaithe éileamh atá follasach agus áisiúil ar fáil. Láimhseáladh beagnach 28,000 iarratas agus rinneadh measúnaithe in 9,833 cás.

Soláthraítear seirbhísí do chustaiméirí tríd an Ionad Seirbhísí tosaigh a oibrítear ón 8am go dtí 8pm ó Luan go hAoine, agus trí ghníomhaíochtaí arna thabhairt chun críche ag na Foirne Measúnaithe.

Seo a leanas a sholáthraíonn Ionad Seirbhísí do Chustaiméirí an Bhoird:

- Faisnéis shonraithe agus cabhair d'éilitheoirí agus d'fhreagróirí a d'fhéadfadh a bheith ann chun éilimh a phróiseáil;
- Treoir agus cúnamh mionsonraithe d'éilitheoirí chun iarratais a chomhlánú;
- Is féidir rochtain a dhéanamh ar an ionad seirbhísí do chustaiméirí ar an uimhir ló-ghlaoch 1890 829 121 ón 8am do dtí 8pm ó Luan go hAoine.

In 2011, fuair an t-ionad os cionn 55,000 glaoch, agus freagraíodh 98% díobh sin laistigh de 20 soicind i ndiaidh teachtaireacht fháiltithe/ bheannachta uathoibríoch an-ghearr, láimhseáladh 409,000 mír sa phost agus socraíodh iad uilig laistigh de 10 lá. Sa bhreis air sin socraíodh os cionn 15,000 coinne liachta in 2011 chun tacú le measúnaithe tráthúla.

Cuidíonn an tIonad Seirbhísí do Chustaiméirí le hÉilitheoirí faoi mhíchumas (m.sh.daoine go bhfuil lagú éisteachta orthu) agus leo siúd a mbíonn deacrachtaí teanga nó aon chúnamh eile uathu. Bhí aiseolas dearfach ag teacht ó chustaiméirí a chuaigh i dteagmháil le InjuriesBoard.ie tríd an líne chabhrach agus tuairiscíodh ardleibhéil sásaimh.

In 2011 thug an Bord isteach nós imeachta nua chun déileáil le gearáin i ndiaidh athbhreithniú a bheith déanta ar an nós imeachta gearáin a bhí ann roimhe sin. Foilsíodh ár nósanna imeachta seachtracha maidir le gearáin ar ár láithreán gréasáin agus soláthraíodh bosca ríomhphoist gearáin tiomnaithe do chustaiméirí. Nascadh an nós imeachta gearáin sin lenár gCairt do Chustaiméirí lena chinntiú go mbeadh custaiméirí ar an eolas faoin leibhéal seirbhíse ba chóir a bheadh siad ag súil léi agus chun ligeann don Bhord feidhmíocht a thagarmharcáil.

In iarracht feabhas a chur ar sheirbhísí, bunaíodh dhá Ghrúpa Úsáideoirí i rith na bliana: Cuideachtaí árachais, trí Chónaidhm Árachais na hÉireann agus aturnaetha tríd an Dlí-Chumann.

## ICT

Is rud lárnach é Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide don Bhord. Tacaíonn ardán teicniúil agus príomhfheidhmchláir an Bhoird leis na riachtanais ghnó reatha.

I rith 2011, thug an Bord tionscadal chun críche chun teacht in áit an infreastruchtúir freastalaithe a bhí ann agus a bhí ag dul in aois. Ba é an sprioc a bhí ann réiteach solúbtha a fheidhmiú trína bhféadfaí airgead a shábháil ar chúrsaí oibríochta chomh maith le cosaint a thabhairt don infheistíocht chaipitil do na blianta amach romhainn. Chun an sprioc sin a chinntiú, ghlac an Bord le teicneolaíocht fhíorúlaithe agus ba é an toradh a bhí air sin lorg freastalaithe níos lú a chinntigh costais níos ísle agus a chinntigh go mbeadh an Bord, mar is cuí, ábalta leas a bhaint as deiseanna "néalríomhaireachta".

Cuidíonn an tIonad Seirbhísí do Chustaiméirí le hÉilitheoirí faoi mhíchumas (m.sh. daoine a bhfuil lagú éisteachta orthu) agus leo siúd a mbíonn deacrachtaí teanga nó aon chúnamh eile uathu. Bhí aiseolas dearfach ag teacht ó chustaiméirí a chuaigh i dteagmháil le InjuriesBoard.ie tríd an líne chabhrach agus tuairiscíodh ardleibhéil sásaimh.

I rith 2011 freisin, chuir an Bord tús le tionscadal athsholáthair deisce. Mar chuid den tionscadal sin, tá gach ríomhaire deisce nua ag rith Microsoft Office 2010 ar chóras oibríochta Windows 7.

Chomhlánaigh an Bord uasghrádú ar an gcóras bainistithe éileamh in 2011. Uasghrádú idirthréimhseach a bhí ann a raibh gá leis mar ullmhúchán d'uasghrádú níos suntasaí chuig córas iomlán gréasán-chumasaithe a bheadh ag idirphlé níos éasca lenár ngeallsealbhóirí (Éilitheoir/Freagróir/Liachta/Pobal Dlí) Tá an poitéinseal aige sin deiseanna seirbhíse agus luach shuntasach a sheachadadh sa todhchaí. I rith 2012, athbhreithneoidh an Bord an córas reatha go mionsonrach chun a aimsiú cad iad na feabhsúcháin a bheidh riachtanach le súil na tograí a chomhaontófar a fheidhmiú i rith an chuid deiridh de 2012/2013.

I rith an chuid deiridh de 2010, cuireadh tús le tionscadal chun go bhféadfar gach íocaíocht a bhaineann le héilimh a dhéanamh trí Ríomhaistriú Airgid (EFT) agus soláthraíonn sé sin éifeachtúlachtaí breise sa réimse ghnóthach seo. Faigheann an Bord thart ar 18,000 éileamh a bhaineann le sonraisc gach bliain. Tugadh an tionscadal seo chun críche in 2011 agus déantar thart ar 80% de na híocaíochtaí a bhaineann le héilimh anois trí EFT.

Saoráidí - Iniúchadh ar Fhuinneamh

Sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh 2009 (NEEAP) tá an Rialtas tiomanta a éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú faoin mbliain 2020. Deirtear ann go bhfeabhsóidh an Earnáil Phoiblí a héifeachtúlacht fuinnimh 33% agus go mbeidh sí mar eiseamláir a léireoidh do gach earnáil an méid is féidir a dhéanamh trí ghníomhartha tiomanta láidre.
Tá an Bord tiomanta don sprioc Rialtais sin agus in 2011, cuireadh Polasaí ar Fhuinneamh i gcrích i gcomhar le Clár Bainistithe Fuinnimh do 2011. Léirítear sa chlár Bainistithe Fuinnimh líon tionscnamh atá comhaontaithe a thabhairt chun críche i rith na bliana.

*Gníomhartha a Cuireadh i gCrích in 2011*

In 2011, chuaigh InjuriesBoard.ie i mbun raon tionscnamh chun ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú. Áiríodh na nithe seo a leanas orthu:

- Bunaíodh foireann Bainistithe Fuinnimh agus comhaontaíodh Clár Bainistithe Fuinnimh
- Cinntíodh go raibh Fostaithe ar an Eolas trí bhearta éagsúla lena n-áirítear Foireann/Clár Bainistithe Fuinnimh a sheoladh, cumarsáid agus comharthaíocht.
- Trealamh IT - laghdaíodh an líon freastalaithe mar chuid den chlár athsholáthair freastalaithe/ infreastruchtúir.
- IT - ríomhairí deisce á ndúnadh síos go huathoibríoch ag am oiriúnach gach tráthnóna nuair nach mbítear in úsáid.
- Fearais Ghinearálta - trealamh ó fheidhm a athsholáthair le múnlaí níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh.

# Cuid 3

## Seirbhís shármhaith don chustaiméir a chinntiú ó eagraíocht Éifeachtach agus Éifeachtúil.

***Gníomhartha atá Beartaithe do 2012***
Tá sé i gceist ag InjuriesBoard.ie a fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú tuilleadh in 2012 agus ina dhiaidh sin trí dhul i mbun na dtionscnamh seo a leanas:

- Soilsiú: Soilsiú a uasghrádú chuig córais níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh.
- Leanúint ag coinneáil Fostaithe ar an eolas agus ag cur leis an eolas atá acu ina leith.

## Acmhainní Daonna

Fostaíonn an Bord fórsa saothair oilte, a bhfuil taithí acu agus atá ardspreagtha chun a gcroífheidhm, is é sin éilimh a mheas, a sheachadadh. Tá an Bord faoi réir mhoratóir an Rialtais ar earcú agus bhí 69 duine fostaithe ag an mBord in 2011, in aghaidh leithdháileadh foirne de 80 sa Chreat Rialaithe Fostaíochta (ECF). Trí chuidiú le soghluaisteacht foirne faoin ECF, d'éascaigh an Bord le foireann a fháil ar iasacht ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Trí thosaíocht a thabhairt do thascanna, acmhainní a athdhíriú agus leanúint ag cur neamhchroí-fheidhmeanna an Bhoird amach ar conradh chinntigh an Bord an líon is airde measúnaithe go dtí seo.

Tugadh iniúchadh rathúil ar pholasaithe, ar chleachtais agus ar nósanna imeachta Acmhainní Daonna an Bhoird i gcrích in 2011.

Lean Coiste Comhpháirtíochta an Bhoird agus Comhchoiste Comhchomhairleach an Bhoird lena gcruinnithe rialta.

Ceapadh soláthróir oiliúna i ndiaidh an phróisis fála riachtanach agus oibreofar leis an mBord chun an tsraith scileanna atá ag na fostaithe go léir a fheabhsú agus a fhorbairt sa chéad dhá bhliain eile atá romhainn.

### Freagracht Shóisialta Chorparáideach

I rith na bliana, d'eagraigh fostaithe an Bhoird roinnt gníomhaíochtaí bailithe airgid le haghaidh carthanachtaí éagsúla, lena n-áirítear Cumann Ailse na hÉireann, Cúram Ospíse agus eile.

### Modh Seachadta Seachtrach in Úsáid

Tá InjuriesBoard.ie múnlaithe ar an modh seachadta inmheánach/seachtrach. Is ionann dualgas an Bhoird go héifeachtach agus próiseas riaracháin (seachas próiseas dlíthiúil go dtí seo) a chuidíonn éilimh maidir le Díobhálacha Pearsanta a mheas. Aithníodh obair mheasúnaithe theicniúil ar dtús mar chroí-obair agus earcaíodh foireann measúnóirí cáilithe don obair seo. Faigheann an chroí-obair sin tacaíocht ó neamhchroí-obair riaracháin cúlra a sholáthraíonn ár nIonad Seirbhísí. Déileálann ár nIonad Seirbhísí le líon ard gníomhaíochtaí ar bhonn bliantúil agus bítear ag déileáil leis na glaonna go léir isteach don Bhord agus le post an Bhoird. Láimhseálann an t-aonad seachadta seachtrach circa os cionn 400,000 mír phoist (iliomad cáipéisí i gceist le go leor acu) agus os cionn 55,000 glaoch teileafóin gach bliain agus leibhéil ard seirbhíse mar atá comhaontaithe faoin gconradh. Leanann an tIonad Seirbhísí ag déileáil le gnáthghnóthaí a thagann ó chustaiméirí le linn dóibh a bheith i mbun bainistithe ar os cionn 25,000 iarratas ar éilimh in aghaidh na bliana. Chinn an Bord go straitéiseach gan cur leis an saineolas ó thaobh sreabhanna neamhchroí-oibre ach leas a bhaint as an sochar ó thaobh costais ar réitigh seachadta seachtrach, a chinntítear toisc gur féidir le soláthróirí mar sin mais chriticiúil a chomhordú. Tá an cur chuige sin mar bhonn dár modh féinmhaoinithe leanúnach, ní bhíonn ar an mBord infheistiú ná athinfheistiú ná forbairt a dhéanamh ar chórais/réitigh sna neamhchroí-réimsí sin agus is príomhéascaitheoir den ghníomhaireacht é gur oifig gan pháipéar í.

> I rith na bliana, d'eagraigh fostaithe an Bhoird roinnt gníomhaíochtaí bailithe airgid le haghaidh carthanachtaí éagsúla, lena n-áirítear Cumann Ailse na hÉireann, Cúram Ospíse agus eile

Soláthraíonn an tIonad Seirbhísí solúbthacht níos fearr freisin ó thaobh uaire oscailte agus athruithe ar an líon oibre mar a shamhlaítear inár dtéarmaí conartha. Ní gá go mbeadh rátaí níos airde mar thoradh ar éilimh a bheith ag ardú/ag ísliú laistigh de theorainneacha ar leith. Tá ar chumas an Bhoird freisin a bheith ar oscailt idir 8am agus 8pm, agus mar sin bíonn an ghníomhaireacht go hiomlán inrochtaine dár gcustaiméirí ag amanna is oiriúnaí dóibh chun a nÉilimh maidir le Díobháil Phearsanta a chur isteach. Bíonn foireann mheasúnaithe ar fáil freisin chun tacú leis an Ionad Seirbhísí idir na huaireanta sin.

Tá sé léirithe ag an modh gur modh inbhuanaithe atá ann agus cinntítear leis solúbthacht leanúnach don Bhord chun obair nuálachta a dhéanamh go leanúnach agus leas a bhaint as réitigh sreafa oibre cúloifige nach mbeadh ar fáil murach sin do ghníomhaireacht ar chomh-mhéid linne. Baineadh leas as gníomhaíochtaí cineálacha mar ghnáthsheirbhísiú glaonna, bainistiú doiciméad agus bainistiú fiacha sna chéad bhlianta ach tá ar ár gcumas anois leas a bhaint as seirbhísí breise lena n-áirítear fiosrúcháin teicniúla a láimhseáil ar an fón, agus raon gníomhaíochtaí teicniúla a bhainistiú agus chuidigh siad sin go léir chun ár mbonn costas a ísliú ar bhonn leanúnach. In 2011, léiríodh é sin trí ardú 17% ar tháirgiúlacht agus laghdaigh táillí próiseála 10% d'éilitheoirí agus 19% d'fhreagróirí agus is toradh dearfach suntasach é sin.

D'fhéadfadh eagraíochtaí eile an stáit leas a bhaint as soláthróirí seachtracha freisin do ghníomhaíochtaí mar Cheadúnú, Clárúcháin, Deimhniúchán, nuair a d'fhéadfadh réiteach comhroinnte agus pointe rochtana amháin do chustaiméirí leanúint chuig obair reachtúil/croí-obair fhoirmiúil i ngach réimse uathúil. D'fhéadfadh cur chuige mar sin am agus airgead a shábháil agus níos tábhachtaí fós seirbhís éifeachtach a sheachadadh do na saoránaigh.

Tá an Bord gníomhach leis an Rialtas, le Státseirbhísigh agus Gníomhaireachtaí eile i ndáil le deiseanna athleasaithe tras-fheidhmeach a d'fhéadfadh a bheith ann. Táimid ag imscrúdú comhaontaithe creata a fhorbairt le soláthróirí seirbhísí áit a mbeidh an deis ag gníomhaireachtaí/eagraíochtaí eile leas a bhaint as na seirbhísí. Ag an am céanna táimid ag súil leas a bhaint as creata eile atá forbartha ag gníomhaireachtaí eile, iad go léir chun aschur níos fearr agus bonn chostas níos ísle a chinntiú.

## Iniúchadh Inmheánach

Is mír lárnach í an fheidhm iniúchta inmheánaigh chun an Bord a chur ar an eolas faoi éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh. Feidhmíonn na hiniúchóirí inmheánacha de réir an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit. Ullmhaíodh tuarascálacha Iniúchóra Inmheánaigh in 2011 a chlúdaigh réimse leathan: Airgeadas, Rialachas Corparáideacha, Bainistiú Riosca, Pleanáil Straitéiseach & Gnó, Acmhainní Daonna agus ICT agus cuireadh os comhair an Choiste Iniúchta iad. Níor aithníodh aon saincheisteanna suntasacha.

## Rialachas Corparáideach

Oibríonn InjuriesBoard.ie de réir fhorálacha an Achta um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003. Oibríonn an Bord faoi choimirce an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, a bhfuil de chumhacht aige faoin Acht seo maoiniú a sholáthar don ghníomhaireacht lena chur ar a cumas a dualgais a chomhlíonadh agus faisnéis áirithe ar ghníomhaíochtaí na gníomhaireachta a lorg. Níor lorg an Bord cistí ón Státchiste ó fuarthas an deontas bunaithe ag an tús agus rinneadh é sin a íoc ar ais in iomlán ina dhiaidh sin in 2011.

# Cuid 3

## Seirbhís shármhaith don chustaiméir a chinntiú ó eagraíocht Éifeachtach agus Éifeachtúil.

I dteannta a reachtaíochta rialaithe féin, caithfidh an Bord cloí le raon eile de riachtanais reachtúla (Náisiúnta agus AE) agus riaracháin. Go háirithe, tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na riachtanais shainiúla seo a leanas:

### Cód Cleachtais le haghaidh Rialachais Comhlachtaí Stáit

Tá nósanna imeachta forbartha agus curtha i bhfeidhm ag InjuriesBoard.ie lena chinntiú go gcloítear leis an gcód cleachtais seo. Go bliantúil, deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird go foirmiúil don Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta gur cloíodh leis an gCód thuasluaite.

### Bainistiú Riosca

Chuir an Bord nósanna imeachta nua i bhfeidhm i rith na bliana chun déileáil le Bainistiú Riosca, lena n-áirítear Creat Bainistithe Riosca nua. Tá an creat cuimsitheach sin lánpháirtithe go hiomlán anois le Clár Dearbhaithe Cáilíochta an Bhoird a ndearnadh feabhsúcháin shuntasacha orthu i rith na bliana.

### An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995

Tagann InjuriesBoard.ie laistigh de scóip an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus tá nósanna imeachta glactha aige chun cloí leis an Acht. De réir an Achta thuas, más gá, tá ráitis shainleasa curtha i gcrích ag Comhaltaí an Bhoird agus gach ball foirne a bhfuil post sainithe acu ag cloí le forálacha an Achta. Sa bhreis air sin, tá nósanna imeachta i bhfeidhm do nochtadh leanúnach leasanna Chomhaltaí an Bhoird agus Foirne ag an Leibhéal Bainistíochta.

### An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte, agus Leas ag an Obair, 2005 tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an mBord chun forálacha an Achta a chomhlíonadh agus tá ráiteas sábháilteachta glactha aige a chuimsíonn gach gné de leas na foirne.

### Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004

Tá InjuriesBoard.ie tiomanta do pholasaí chomhionannas deiseanna agus glactar cur chuige dearfach i leith an chomhionannais san eagraíocht. Tá an Bord tiomanta do thimpeallacht oibre/ saoil chothrom a fhorbairt don fhoireann ar fad. Oibrítear socruithe fleisc-am don fhoireann grádaithe a bhfuil riachtanais acu i ndáil le huaslíon agus íoslíon uaire oibre.

### Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003

Is rialaitheoir sonraí cláraithe é InjuriesBoard.ie faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Feidhmíonn an Bord de réir Bheartas Cosanta Sonraí foirmiúil mar a comhaontaíodh le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Cuireann sé seo an Bord chun tosaigh ó thaobh nósanna imeachta cosanta sonraí a chur i bhfeidhm, dá bhrí sin ag cosaint cearta bunúsacha príobháideachta an duine agus ag feidhmiú smachta ar a mbealach a chuirtear faisnéis phearsanta ar fáil faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí.

## Chuir an Bord nósanna imeachta nua i bhfeidhm i rith na bliana chun déileáil le Bainistiú Riosca, lena n-áirítear Creat Bainistithe Riosca nua

### Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Tagann InjuriesBoard.ie faoi réimse freagrachta Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chuireann creat reachtúil ar fáil chun seirbhísí a sheachadadh i nGaeilge. De réir Alt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil seo go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla.

### Soláthar

Is tairiscint iomaíoch é an nós imeachta a úsáideann an Bord de ghnáth sa phróiseas soláthair. Bhí aird chuí ag na tairiscintí a eisíodh ar thairseacha luacha do chur i bhfeidhm rialacha soláthair. Deimhníonn InjuriesBoard.ie go gcomhlíonfar nósanna imeachta tairisceana i ndáil le tairiscint iomaíoch. Áireofar leis sin go gcloífear le treoirlínte náisiúnta agus na Treoracha iomchuí ón AE, a bhfuil feidhm dlí leo in Éirinn agus i ngach Ballstát. Déanann an Bord athbhreithniú ar a chuid nósanna imeachta agus beartais soláthair go leanúnach agus tugtar suas chun dáta iad agus soláthraítear oiliúint don phearsanra cuí sa réimse teicniúil tábhachtach seo.

Reáchtáladh roinnt comórtais tairiscintí éagsúla in 2011 lena n-áirítear Dlí, Oiliúint, Caidrimh Phoiblí/Cumarsáid Straitéiseach, ICT, Iniúchadh Inmheánach, Fóntais agus Stáiseanóireacht Oifige.

### An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Aithníonn InjuriesBoard.ie go bhfuil sé freagrach as a chinntiú go gcomhlíonfar forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Mall i gcás Bearta Tráchtála) 2002, i ngach ponc ábhartha. Is é beartas an Bhoird a chinntiú go ndéanfar traiceáil ar gach sonrasc agus go n-íocfar iad go tapa roimh an dáta dlite chun críche úis agus táillí. Tá na nósanna imeachta i bhfeidhm chun dearbhuithe réasúnacha a chur ar fáil i gcoinne neamhchomhlíonadh an Achta agus na Rialachán.

### Cánachas

Deimhníonn InjuriesBoard.ie go gcomhlíonfar dlíthe cánach. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil an Bord ina eiseamláir agus é ag comhlíonadh a oibleagáid faoi dhlíthe cánach agus go n-íocfar dliteanais chánach ar na dátaí dlite iomchuí nó roimh na ndátaí sin.

### Pleanáil Straitéiseach

Rinneadh obair ollmhór agus chuathas i mbun gníomh le geallsealbhóirí i rith 2011 agus ba é an toradh a bhí air sin gur cuireadh dréacht nua den Phlean Straitéiseach chuig an Aire i mí na Nollag 2011. Tá sé beartaithe an Plean nua a fhoilsiú i lár 2012. Leagfar amach sa Phlean Príomhchuspóirí Straitéiseacha an Bhoird sna blianta atá amach romhainn mar aon leis na príomhghníomhartha a bheidh le déanamh chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Ag an leibhéal Oibríochta, leanfaidh cuspóirí foirne agus Pleananna Gnó bliantúla a bheith á n-ailíniú le Cuspóirí Straitéiseacha an Bhoird.

# Cuid 4

Feasacht faoi InjuriesBoard.
ie a mhéadú agus cur go
dearfach leis an timpeallacht
réiteach éileamh.

Cuid 1

Cuid 2

Cuid 3

Cuid 4

Cuid 5

Aguisíní

# Cuid 4

## Feasacht faoi InjuriesBoard.ie a mhéadú agus cur go dearfach leis an timpeallacht réiteach éileamh.

### Foilsiú taighde

Chun a réimse freagrachta ó thaobh dámhachtainí cúitimh a chomhlíonadh, bailíonn InjuriesBoard.ie sonraí substaintiúla ar dhíobhálacha agus ar na himthosca a mbíonn timpistí mar thoradh orthu i raon leathan suíomhanna. Leis na sonraí sin, faightear léargas tábhachtach ar na cineálacha díobhálacha agus timpistí a tharlaíonn do dhaoine. Is féidir leis an fhaisnéis sin a bheith úsáideach go háirithe do na daoine sin a bhfuil baint acu le bainistiú riosca agus cosc ar thimpistí, lena n-áirítear gníomhaireachtaí eile de chuid an stáit. D'fhéadfadh an fhaisnéis a bheith luachmhar don phobal go ginearálta freisin.

Sna blianta roimhe seo, d'fhoilsigh an Bord athbhreithniú cuimsitheach ar dhíobhálacha a tharla de bharr timpistí san áit oibre, timpistí mótair agus timpistí in áiteanna poiblí. Thug na hathbhreithnithe sin léargas suntasach maidir leis na cúiseanna a bhíonn le timpistí agus na hiarmhairtí a bhíonn ag na heachtraí sin ar na daoine a bhíonn rannpháirteach ina dhiaidh sin. In 2011, foilsíodh taighde i ndáil le timpistí ina raibh mionúir (daoine faoi 18 bliain d'aois). Clúdaíodh an taighde go cuimsitheach sna meáin náisiúnta agus áitiúil araon. Seo a leanas na príomhthorthaí:

Achoimre ar thimpistí agus ar dhámhachtainí (mionúir) 2010:

In 2010, dámhadh cúiteamh luach €8.5 milliún ar 615 mionúr. Seo a leanas príomhthorthaí an staidéir:

- Tá an dhá oiread seans ann go dtarlóidh timpistí do leanaí i mí Aibreáin agus i mí Lúnasa, ná i mí na Nollag, agus dá réir is iad sin na míonna is contúirtí agus is sábháilte faoi seach.
- Tá a thrí oiread seans ann go mbeidh timpiste ag leanaí idir 3 - 7 mbliana d'aois as a leanfaidh éileamh ar dhíobháil phearsanta ná naíonáin aois 3 bliana d'aois nó níos óige.
- Bronnadh 52% de na dámhachtainí ar chailíní agus 48% de dhámhachtainí ar bhuachaillí.
- Bhí ceithre oiread díobhálacha mar thoradh ar thimpistí a bhaineann le mótair (ag 79%) i gcomparáid le dliteanas poiblí (21%).
- I mBaile Átha Cliath ba mhó a bronnadh Dámhachtainí go náisiúnta, ag 23.2%, agus bhí Corcaigh ag 11%. Ní dhearnadh aon dámhachtainí ar mhionúir i gContae Liatroma.
- B'ionann an meán dámhachtain agus €13,839.90.
- Áiríodh ar raon na ndámhachtainí ó €500 go dtí os cionn €170,000.

Rinneadh anailís bhreise ar thimpistí in áiteanna poiblí ina raibh mionúir rannpháirteach. In 2010, bronnadh dámhachtain amháin as gach deich ndámhachtain dliteanas poiblí ar mhionúir agus tharla na timpistí i gclóis shúgartha, ar fhaichí spóirt, i siopaí, i scoileanna agus ar chosáin agus ba é an toradh is mó a bhí leo ná ildíobhálacha agus díobhálacha ar fhíocháin bhoga. Bronnadh cúiteamh luach €2.18 milliún in iomlán nó €17,307.50 ar an meán ar 126 mionúr.

## Chun a réimse freagrachta ó thaobh dámhachtainí cúitimh a chomhlíonadh, bailíonn InjuriesBoard.ie sonraí substaintiúla ar dhíobhálacha agus ar na himthosca a mbíonn timpistí mar thoradh orthu i raon leathan suíomhanna

- Bronnadh beagnach aon tríú (31%) de dhámhachtainí ar mhionúir do thimpistí in áiteanna poiblí ar leanaí idir 3 agus 7 mbliana d'aois agus bhain 20% acu le leanaí idir 7 agus 10 mbliana d'aois.
- Tharla an ráta is airde de theagmhais dliteanais poiblí i measc mionúir i mí Lúnasa (16%) nuair a bhíonn leanaí ar shaoire an tsamhraidh. Taifeadadh an líon ab ísle teagmhas i mí na Nollag (3%).
- B'ionann an dámhachtain cúitimh is airde do dhíobháil a fuarthas in áit phoiblí agus €63,000 agus b'ionann an dámhachtain ab ísle agus €1,250.
- B'iad na príomhchúiseanna le timpistí in áiteanna poiblí do mhionúir anuraidh agus sciorradh, coir choise agus titim.
- Bhain 5.5% de gach dámhachtain dliteanais phoiblí do mhionúir a bhain le timpistí a tharla ar phreabchaisleáin nó i gceantair súgartha mar chlóis shúgartha le titim ó struchtúir chlóis súgartha mar luascáin agus sleamhnáin. I ngach cás ina raibh ceantar súgartha i gceist, bristí an phríomhdhíobháil a fuarthas.

### Clár Rannpháirtíochta do Gheallsealbhóirí

I rith 2011, lean InjuriesBoard.ie lena gclár a bheith gníomhach le geallsealbhóirí tábhachtacha. Sa bhreis ar chruinnithe rialta leis an mháthairRoinn (Post, Fiontar & Nuálaíochta) agus le hionadaithe ó ghrúpaí Éilitheoirí agus Freagróirí, bhuail an Bord le go leor geallsealbhóirí eile i rith na bliana. Tá aiseolas ónár gcuid geallsealbhóirí riachtanach agus sinn ag leanúint ag forbairt, ag feabhsú agus ag feidhmiú beartais.

Seo a leanas roinnt de na heagraíochtaí a raibh cruinnithe againn leo i rith na bliana: An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí, Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (LGMA), Comhairle na nDochtúirí Leighis, Dlí-Chumann na hÉireann (ina bhfuil Fóram Úsáideoirí bunaithe), toscaireachtaí ó Chomhairlí Contae éagsúla, An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, Cónaidhm Árachais na hÉireann, An Tascfhórsa do Dhaoine Féin-Árachaithe, An tSeirbhís Chúirteanna, agus toscaireacht ón bhFoireann Athbhreithnithe Rochtain ar Cheartas, Tuaisceart Éireann. Ina theannta sin, rinneadh roinnt cur i láthair do chomhlachtaí éagsúla lena n-áirítear Institiúid Árachais Bhaile Átha Cliath, An Coláiste Ríoga do Chleachtóirí na hÉireann, Institiúid Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde, Ionadaithe Sláinte agus Sábháilteachta IBEC, Cumann Barra Aturnaetha Chorcaí, Cumann Barra Aturnaetha Bhaile Átha Cliath agus institiúidí oideachais tríú leibhéal.

# Cuid 4

## Feasacht faoi InjuriesBoard.ie a mhéadú agus cur go dearfach leis an timpeallacht réiteach éileamh.

### Clár Tacaíochta/Urraíochta

B'údar mórtais d'InjuriesBoard.ie urraíocht a thabhairt d'fheachtas fógraíochta bailithe airgid in 2011 le hOspidéal na Leanaí, Sráid an Teampaill. Bhí an feachtas comhdhéanta d'fhógraí Teilifíse, raidió agus ar líne agus iad dírithe ar airgead a bhailiú don ospidéal. Úsáideadh gach airgead a bailíodh ón bhfeachtas chun trealamh a cheannach don ospidéal. Mar ghníomhaireacht a oibríonn gach lá le híospartaigh timpistí, lena n-áirítear leanaí, is eol don Bhord an dea-obair a dhéanann an fhoireann dhíograiseach in Ospidéal Shráid an Teampaill ar bhonn laethúil, ní hamháin do leanaí breoite agus gortaithe, ach ag tacú le tuismitheoirí ag tráth fíor-dheacair ina saol. Tagann an obair túslíne a dhéanaimid le hathshlánú leanaí agus táimid aontaithe inár n-iarrachtaí iad a thabhairt ar ais ina sláinte agus a gcáilíocht sláinte a thabhairt ar ais dóibh. Mar ghníomhaireacht nach mbíonn aon ghá aici le maoiniú stáit, tá an t-ádh orainn a bheith in ann urraíocht a thabhairt don fheachtas seo agus ag comhlíonadh Cuspóir Straitéiseach an Bhoird cur le feasacht agus ar rochtain ar ár seirbhís. Ba mheicníocht éifeachtach ó thaobh costais a bhí ann chun an pobal a chur ar an eolas faoi phróiseas an Bhoird, mheall an feachtas rátaí fógraíochta carthanachta.

### Taighde Feasachta

Choimisiúnaigh an Bord taighde i rith na bliana chun feasacht an phobail ar InjuriesBoard.ie agus ar phróisis an Bhoird a thomhas. Seo a leanas na príomhthorthaí a fuarthas:

- Ardú ollmhór ar fheasacht fhoriomlán ar an eagraíocht a dhéileálann le cúiteamh - léim 9% go dtí 52% i gcomparáid le mí na Nollag 2010 agus sáraíodh figiúirí a taifeadadh in 2009 freisin. Facthas an t-ardú ba shuntasaí laistigh de na cohóirt níos óige.
- Níl an t-ardú sin léirithe maidir le tabhairt chun cuimhne uathspreagtha an bhranda. Ní raibh ach 28% dóibh siúd a bhí ábalta an eagraíocht a thabhairt chun cuimhne in ann an InjuriesBoard a aithint mar is ceart.
- Ag leanúint ar aghaidh ón aistriú íosta ó thaobh tabhairt chun cuimhne uathspreagtha, b'ionann feasacht le leidí agus mar a bhí in Nollaig 2010 agus duine as gach beirt ar an eolas faoi InjuriesBoard.ie.
- Ní raibh ach 26% ar an eolas go bpróiseálann InjuriesBoard.ie gach éileamh agus ní raibh ach 21% ar an eolas nach mbíonn gá le haturnae chun déileáil leis an mBord. Is ábhar é sin nach mór don Bhord aghaidh a thabhairt air.

Cuideoidh an taighde sin leis an mBord maidir lena gcláir faisnéise poiblí sa todhchaí. Cé nach ndéanfaidh ach céatadán beag den phobal éileamh in aon bhliain tá sé riachtanach go mbeadh faisnéis ar fáil dóibh sin a mbíonn timpistí acu chomh luath agus is féidir sin chun go mbeidh ar a gcumas cinneadh feasach a dhéanamh maidir le conas leanúint ar aghaidh más mian leo cúiteamh a lorg.

B'údar mórtais d'InjuriesBoard.ie urraíocht a thabhairt d'fheachtas fógraíochta bailithe airgid in 2011 le hOspidéal na Leanaí, Sráid an Teampaill. Bhí an feachtas comhdhéanta d'fhógraí Teilifíse, raidió agus ar líne agus iad dírithe ar airgead a bhailiú don ospidéal

### Leabhrán Eolais maidir le Cód Cleachtais Thomhaltóirí an Bhainc Cheannais

Sheol an Banc Ceannais a gCód athbhreithnithe do Thomhaltóirí i mí Dheireadh Fómhair 2011. Éilítear leis an gCód go n-eiseoidh aonáin rialaithe leabhrán eolais ón mBord dóibh sin ar mhian leo éileamh ar dhíobháil phearsanta a lorg. Tá leabhrán eolais nua comhaontaithe chuige sin. Tá an Cód nua sin éifeachtach ón 1 Eanáir 2012. Cuideoidh an leabhrán eolais sin leo sin a bhíonn páirteach i dtimpiste na roghanna a bhíonn acu a aithint agus iad ag lorg cúitimh.

### Láithreán Gréasáin

Is príomhfhócas é láithreán gréasáin an Bhoird www.injuriesBoard.ie maidir le conas a sholáthraítear faisnéis dár gcustaiméirí. I rith 2011 rinneadh roinnt feabhsúchán ar an láithreán lena n-áirítear optamú chun ligean d'úsáideoirí cuardaigh ar an idirlíon teacht ar an mBord níos éasca. Mar thoradh air sin mhéadaigh an trácht ar an láithreán agus bhí thart ar 11,000 cuairteoirí ag an láithreán gach mí. I rith 2012 tá sé beartaithe athfhorbairt iomlán a dhéanamh ar an láithreán chun gné níos dírithe ar an gcustaiméir a chur san áireamh lena n-áirítear roghanna ar líne níos fearr chun éileamh a chur isteach agus a bhainistiú.

# Cuid 5

## Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011

# Cuid 5

## Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011

**Clár** Leathanach


| | |
|---|---|
| Eolas Ginearálta | 35 |
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta | 36 |
| Ráiteas maidir le Rialú Airgeadais Inmheánaigh | 37 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 38 |
| Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta | 40 |
| An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 41 |
| Clár Comhardaithe | 42 |
| Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid | 43 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 44 |

# Eolas Ginearálta

## Comhaltaí an Bhoird

Dorothea Dowling - Cathaoirleach
Joe O'Toole
Patricia Byron
John Fay
Tom Noonan
Jerry Fitzpatrick
Ann Fitzgerald
Tanya Holly (a d'éirigh as 23 Bealtaine 2011)
Breda Power (a tháinig chuig an mBord 26 Deireadh Fómhair 2011)
Bernard Sheridan (a tháinig chuig an mBord 27 Eanáir 2011)
Frank Cunneen
An tOllamh Denis Cusack

## Oifig

Teach Grain
Halla an Mhalartáin
Cearnóg Belgard Ó Thuaidh
Tamhlacht
Baile Átha Cliath 24

## Iniúchóir

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

## Baincéirí

Banc na hÉireann
An tSráid Mhór
Tamhlacht
Baile Átha Cliath 24

## Aturnaetha

Arthur Cox & Co.
Ionad Phort an Iarla
Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2

## Láithreán Gréasáin

www.injuriesboard.ie

# Cuid 5

## Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011

### Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

Ceanglaíonn Alt 77 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003 ar an mBord ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhormáid agus sa tslí atá sonraithe ag an Aire Fiontar, Post agus Nuálaíochta.

Agus an Bord ag ullmhú na ráiteas airgeadais seo, éilítear air:
Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go seasta.

- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus stuama.
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Bord ag feidhmiú.
- A lua ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir ag aon imeacht ábhartha a nochtaítear agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth, staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go mbíonn na ráitis airgeadais ag cloí le hAlt 77 den Acht. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní a chosaint agus as sin céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

*Thar ceann an Bhoird*

**Jerry Fitzpatrick**
26 Aibreán 2012

*Thar ceann an Bhoird*

**Joe O'Toole**
26 Aibreán 2012

## Ráiteas maidir le Rialú Airgeadais Inmheánaigh

Thar ceann Bhord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, tugaim aitheantas don fhreagracht atá orainn a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú.

Ní féidir le córas airgeadais inmheánaigh den sórt sin ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt in aghaidh earráidí ábharthacha. Tugann an córas deimhniú réasúnach go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad, agus go seachnaítear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí nó go n-aimsítear iad laistigh de thréimhsí thráthúla.

### Príomh-Nósanna Imeachta Rialaithe

Tá céimeanna glactha ag an mBord chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú trí:

- fhreagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus a chinntiú go nglactar gníomh ceartaitheach cuí;
- Choiste Iniúchta a bhunú le comhairle a chur ar an mBord maidir lena bhfreagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh a chomhlíonadh.

Leanann an Bord de bheith ag forbairt agus ag feabhsú próisis bhainistíochta chun rioscaí gnó a aithint agus meastóireacht a dhéanamh orthu trí:

- nádúr, méid agus tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis na rioscaí atá os comhair an Bhoird a aithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheastar a bheith inghlactha;
- mheasúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh rioscaí aitheanta;
- mheasúnú a dhéanamh ar chumas an Bhoird na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a íoslaghdú;
- mheasúnú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le rialuithe áirithe a oibriú i gcomparáid leis an leas a fhaightear.

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreat oibre d'eolas rialta bainistithe, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas cleachtais tarmligin agus cuntasachta. Áirítear ann go háirithe:

- córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil, a athbhreithníonn agus a chomhaontaíonn an Bord tríd an gCoiste Airgeadais;
- ráiteas faoi shreabhadh airgid míosúil le hanailís ar chatagóirí ioncaim agus caiteachais mhóra, a athbhreithníonn Coiste Airgeadais an Bhoird;
- córas cuntasaíochta airgeadais a chur i bhfeidhm – tá córas bogearraí ríomhaire bunaithe ag an mBord lena n-áirítear pacáiste cuntasaíochta chun na rialuithe airgeadais inmheánaigh a éascú.

Tá Coiste Iniúchta agus gnólacht iniúchóirí gairmiúla neamhspleácha ceaptha ag an mBord chun dul i mbun na feidhme iniúchta inmhéanaigh. Oibríonn an fheidhm iniúchta inmheánaigh de réir an Chóid Chleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit. Cuirtear le hobair an iniúchta inmheánaigh trí anailís a dhéanamh ar an riosca a bhaineann leis an mBord. Déanann an Coiste Iniúchta athbhreithniú bliantúil ar na ráitis airgeadais bhliantúla. Bunaíodh Coiste Airgeadais chun ráitis airgeadais bhliantúla agus buiséid bhliantúla a athbhreithniú agus forléargas a dhéanamh ar nósanna imeachta airgeadais go ginearálta.

Ceadaíonn an Príomhfheidhmeannach an anailís riosca agus na pleananna iniúchta inmheánacha agus tá siad faoi réir formhuinithe an Choiste Airgeadais agus an Choiste Iniúchta agus faoi réir fhaomhadh an Bhoird.

### Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú ar an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh, sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011.

### An Cód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit

Seachas Plean Corparáideach Soláthair átáthar ag ullmhú, deimhním gur cloíodh leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011.

**Dorothea Dowling**
Cathaoirleach

# Cuid 5

## Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011

### Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 faoin Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003. Tá na ráitis airgeadais, a hullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus na cuntais á n-ullmhú ná dlí infheidhme agus Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leis in Éirinn.

Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí an Bhoird, ar a ioncam agus caiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is í an fhreagracht atá orm iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a thabhairt orthu de réir dlí infheidhme.

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibríocht.

Déanaim m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus ag cloí le Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird Chleachtais Iniúchta ag an am céanna.

Scóp Iniúchta na Ráiteas Airgeadais

I rith iniúchta, ní mór fianaise a fháil faoi na méideanna agus na nochtaí sna ráitis airgeadais, fianaise leordhóthanach a thabharfadh deimhniú réasúnta go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráitis ábhartha, cibé ar calaois nó earráid is cúis leo. Áirítear air sin measúnú ar na nithe seo a leanas:

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca an Bhoird, agus ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach agus ar nochtadh ar shlí leordhóthanach iad
- réasúnacht na meastachán cuntasaíochta suntasach a ndéantar agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Lorgaím fianaise chomh maith faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Chomh maith leis sin, léigh mé an t-eolas airgeadais agus neamhairgeadais ar fad i dtuarascáil bhliantúil an Bhoird chun neamhréireachtaí ábhartha maidir leis na ráitis airgeadais a bhfuil iniúchadh déanta orthu a aithint. Má thugaim aon mhíráiteas nó neamhréireachtaí ábhartha dealraitheacha faoi deara, breithním na tionchair a bheidh acu sin ar mo thuarascáil.

### Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh i gceart de réir Chleachtas Cuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leis in Éirinn, léargas fíor agus cothrom ar riocht ghnóthaí an Bhoird amhail an 31 Nollaig 2011 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go bhfuil leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an mBord. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

### Ábhair lena dtuairiscím trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht

- mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m’iniúchadh a dhéanamh, nó
- má thug m’iniúchadh aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe ar aird, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu, nó
- mura mbíonn an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil an Bhoird don bhliain dá n-ullmhaítear na ráitis airgeadais ag teacht leis na ráitis airgeadais, nó
- mura léiríonn an Ráiteas maidir le Rialú Airgeadais Inmheánaigh comhlíonadh an Bhoird leis an gCód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit, nó
- má fhaighim go bhfuil nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí.

